AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.9.2024
COM(2024) 391 final

2024/0215 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Eorpach um ullmhú Caighdeán i réimse na Loingseoireachta Intíre agus sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin maidir le caighdeáin a ghlacadh i ndáil leis an loingseoireacht intíre

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh ón gComhairle lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag cruinniú an Choiste Eorpaigh um ullmhú Caighdeán i réimse na Loingseoireachta Intíre ('CESNI') an 17 Deireadh Fómhair 2024 agus ag cruinniú sheisiún iomlánach an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin ('LCLR') an 5 Nollaig 2024 i ndáil leis na caighdeáin Eorpacha lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh soithí Loingseoireachta Intíre (ES-TRIN 2025/1) agus an Caighdeán Eorpach maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (ES-RIS 2025/1), a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. LCLR agus CESNI

Is eagraíocht idirnáisiúnta é LCLR a bhfuil inniúlachtaí rialála aige maidir le cúrsaí loingseoireachta intíre ar an Réin. Tá ceithre Bhallstát (an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ísiltír) agus an Eilvéis ina bpáirtithe in LCLR.

Leis an gCoinbhinsiún athbhreithnithe um Loingseoireacht na Réine, a síníodh an 17 Deireadh Fómhair 1868 in Mannheim agus arna leasú an 14 Aibreán 1967, sainítear an creat dlíthiúil lena rialaítear úsáid na Réine mar uiscebhealach intíre le haghaidh loingseoireachta agus leagtar síos saintréithe LCLR (Coinbhinsiún Mannheim). Leanann sé le córas na Réine a bhunaigh Comhdháil Vín in 1815. Maidir le cinnteoireacht, tagann Ballstáit LCLR le chéile dhá uair sa bhliain i gcruinnithe iomlánacha. Tá vóta amháin ag gach Stát, agus is d'aon toil a dhéantar na cinntí. Tá na rúin sin ceangailteach ó thaobh dlí. Níl an tAontas ina chomhalta de LCLR.

In 2015, ghlac LCLR rún lenar cruthaíodh CESNI[1]. Sa mhisean atá aige áirítear caighdeáin theicniúla a ghlacadh i réimse na loingseoireachta intíre, go háirithe maidir le soithí, teicneolaíocht faisnéise agus criú, léirmhíniú comhionann na gcaighdeán sin agus na nósanna imeachta comhfhreagracha, chomh maith le plé ar shábháilteacht na loingseoireachta, ar chosaint an chomhshaoil nó ar réimsí eile den loingseoireacht.

Tá CESNI comhdhéanta de shaineolaithe ón Aontas agus ó Bhallstáit LCLR. Tá cearta vótála ag na saineolaithe sin ar bhonn vóta amháin in aghaidh an stáit. Ach tugann CESNI institiúidí an Aontais agus institiúidí idirnáisiúnta chomh maith le saineolas san áireamh ina chuid saothar. Is féidir leis an Aontas, gan ceart vótála a bheith aige, páirt a ghlacadh in obair CESNI i gcónaí, dála heagraíochtaí idirnáisiúnta eile a gcuimsítear ina misean na réimsí lena mbaineann CESNI. Taobh leis na cearta rannpháirtíochta sin, is féidir le CESNI cuireadh a thabhairt do lucht saineolais (saineolaithe aonair, cumainn aicmiúcháin, etc.). Is ag seisiún iomlánach CESNI a chuirtear bailchríoch ar na caighdeáin a comhaontaíodh ar leibhéal na saineolaithe.

Déanann an tAontas agus LCLR foráil maidir le rialacháin i gcomhthéacs na gceanglas teicniúil le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, mar atá Treoir (AE) 2016/1629[2] agus na Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí na Réine agus maidir le seirbhísí faisnéise tráchta

[1] Rún 2015-I-3, CC/R (15) 1, lch. 1.

[2] Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118).

abhann (RIS) mar a shainmhínítear i dTreoir 2005/44/CE[3] agus sna Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí na Réine. Maidir leis na ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, tagraíonn an dá chóras dlí do chaighdeáin CESNI - Caighdeáin Eorpacha lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh soithí Loingseoireachta Intíre (ES-TRIN).

Ó thaobh seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) de, déanfar an Caighdeán Eorpach maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (ES-RIS) a ionchorprú i ndlí an Aontais. Leis an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2005/44/CE maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal (arna ghlacadh ag an gCoimisiún i mí Eanáir 2024), tagraítear do ES-RIS mar chaighdeán is infheidhme san Aontas. Dhearbhaigh an Chomhairle an cur chuige sin ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh an 18 Meitheamh 2024. Foráiltear freisin do thagairt don leagan is reatha de ES-RIS i Rialacháin ábhartha na Réine.

2.2. Na gníomhartha atá beartaithe ag CESNI agus LCLR

Ag an gcruinniú a bheidh ag CESNI an 17 Deireadh Fómhair 2024, tá CESNI le heagrán nua de Chaighdeáin Eorpacha a ghlacadh lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh soithí Loingseoireachta Intíre (caighdeán ES-TRIN 2025/1), agus tá sé le heagrán nua den Chaighdeán Eorpach maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann (ES-RIS 2025/1) a ghlacadh.

ES-TRIN
An chéad leagan de ES-TRIN (ES-TRIN 2015/1), rinne CESNI é a thabhairt i gcrích ag an gcruinniú a bhí aige an 28 Meán Fómhair 2015. Ghlac cruinniú iomlánach CESNI go foirmiúil é ag an gcruinniú a bhí aige an 26 Samhain 2015. Ghlac CESNI na leasuithe seo a leanas ar chaighdeán ES-TRIN:

1. Caighdeán ES-TRIN 2017/1 an 6 Iúil 2017
2. Caighdeán ES-TRIN 2019/1 an 8 Samhain 2018
3. Caighdeán ES-TRIN 2021/1 an 13 Deireadh Fómhair 2020
4. Caighdeán ES-TRIN 2023/1 an 13 Deireadh Fómhair 2022

Déantar ES-TRIN a nuashonrú go rialta i bhfianaise obair mheithleacha CESNI.
Tá gá le ES TRIN a nuashonrú go rialta ar mhaithe leis an méid seo a leanas:

- - ardleibhéal na sábháilteachta sa loingseoireacht intíre a choinneáil ar bun
- - an éabhlóid theicniúil a leanúint (e.g. córais comhraic dóiteáin, trealamh loingseoireachta)
- - comhoiriúnacht le creat dlíthiúil an Aontais a áirithiú.

Le linn 2023 agus 2024, d'ullmhaigh saineolaithe de chuid CESNI an t-eagrán nua de ES-TRIN, ES-TRIN 2025/1.
Ionchorpraítear leasuithe éagsúla in ES-TRIN 2025/1, go háirithe leasuithe maidir leis na réimsí seo a leanas:

- Breoslaí íseal-splancphointe, go háirithe stóráil agus úsáid meatánóil,

[3] Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal (IO L 255, 30.9.2005, lch. 152).

- Limistéir ghuaiseacha a mharcáil agus breoslaí a lipéadú,
- Córais tiomána leictrí,
- Taisc-cheallraí ian litiam,
- Plaisteach treisithe le halúmanam nó le snáithín a úsáid chun soithí paisinéirí a thógáil,
- Tréigean an phrótacail um pharaiméadar innill,
- Aitheantas do dhíolúine tástála allamuigh d'innill,
- Naisc líonta agus dathchóid iomchuí,
- Trealamh loingseoireachta agus faisnéise, go háirithe trealamh AIS Intíre,
- Ionaid cóireála séarachais,
- Cábáin stiúracha ardaithe agus forálacha idirthréimhseacha maidir le cábáin stiúracha in-aistarraingthe,
- Córais spréite uisce brúchóirithe uathoibríocha,
- Píosaí nasctha idir ancaire agus slabhra,
- Cábáin codlata,
- Tagairtí do na Rialacháin maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin, do ES-RIS 2025/1 agus do chaighdeáin idirnáisiúnta eile a thabhairt cothrom le dáta.

Ag an gcruinniú a bhí ag CESNI an 11 Aibreán 2024, chinn sé go ndéanfadh sé glacadh chaighdeán ES-TRIN 2025/1 a sceidealú ag an gcruinniú an 17 Deireadh Fómhair 2024. Tá coinne leis nach ndéanfar ach athruithe foirmiúla agus mionathruithe ar an dréachtchaighdeán roimh an gcruinniú sin a bheidh ann an 17 Deireadh Fómhair 2024. Déanfar caighdeán ES-TRIN 2025/1 a fhoilsiú trí bhíthin suíomh gréasáin tiomnaithe (cesni.eu). Tá rochtain (chosanta) ag Ballstáit uile an Aontais ar na dréachtchaighdeáin thuasluaite.

I gcomhréir le Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE[4], déanfar caighdeán ES-TRIN 2025/1 a ionchorprú i ndlí an Aontais.
Áirítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629 tagairtí don chaighdeán atá glactha ag CESNI. De bhun Airteagal 31(1) den Treoir sin tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn II a oiriúnú ar mhaithe leis an tagairt don leagan is déanaí de chaighdeán ES-TRIN a nuashonrú gan moill mhíchuí, agus ar mhaithe le dáta chur i bhfeidhm an leagain sin a shocrú.
Faoi láthair, tagraíonn an Treoir sin do ES-TRIN 2023/1. Le hAirteagal 9 de Rialacha Nós Imeachta CESNI ní cheadaítear caighdeáin a ghlacadh go dtí go mbeidh cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE déanta.
Glacfaidh LCLR rún freisin lena leasófar a Rialacháin maidir leis an Réin (go háirithe a Rialacháin maidir le Cigireacht ar Shoithí na Réine). Áireofar leis sin tagairt don ES-TRIN 2025/1 nuashonraithe.
Tagróidh dlí an Aontais agus Rialacháin LCLR araon do chaighdeán ES-TRIN 2025/1 ón 1 Eanáir 2026.

ES-RIS

Glacadh an chéad leagan de ES-RIS (ES-RIS, Eagrán 2021/1) go foirmiúil ag cruinniú iomlánach CESNI an 15 Aibreán 2021. Ghlac CESNI na caighdeáin leasaithe ES-RIS 2023/1 an 13 Deireadh Fómhair 2022.

[4] Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118).

Le linn 2023 agus 2024, d'ullmhaigh saineolaithe de chuid CESNI an t-eagrán nua de ES-RIS, ES-RIS 2025/1.
Rinneadh athruithe freisin ar ES-RIS 2025/1 maidir le formáidiú nuair a rinneadh caighdeánú ar a leagan amach, a struchtúr ginearálta agus a iarscríbhinní. Rinneadh athbhreithniú ar uimhriú na n-airteagal, na gcaibidlí, na dtáblaí, na léaráidí agus na gcairteacha. Ionchorpraítear leis feabhsuithe éagsúla ar a chomhsheasmhacht inmheánach agus ar chomhleanúnachas idir na codanna éagsúla den chaighdeán.
Ionchorpraítear leasuithe éagsúla in ES-RIS 2025/1, go háirithe leasuithe maidir leis na réimsí seo a leanas:
- Cuid 0 a chruthú, ina bhfuil giorrúcháin, sainmhínithe, tagairtí do dhoiciméid sheachtracha
- caighdeáin a bhunú maidir le hÁiseanna Loingseoireachta agus codanna ábhartha de ES-RIS a leasú
- - athuimhriú na n-iarscríbhinní, go háirithe sna ranna a bhaineann leis na nithe seo a leanas:
    - Córais chaighdeánacha taispeána cairteacha leictreonacha agus faisnéise um loingseoireacht intíre
    - Rianú agus lorgaireacht chaighdeánach soithí um loingseoireacht intíre
    - Tuairisciú caighdeánach leictreonach long sa loingseoireacht intíre
    - Fógraí caighdeánacha do scipéirí
- ceartúcháin agus soiléirithe a sholáthar, ach gan an t-ábhar a mhodhnú.

Ag an gcruinniú a bhí ag CESNI an 11 Aibreán 2024, chinn sé go ndéanfadh sé glacadh ES-RIS 2025/1 a sceidealú ag an gcruinniú an 17 Deireadh Fómhair 2024. Tá coinne leis nach ndéanfar ach mionathruithe ar an dréachtchaighdeán roimh an gcruinniú sin a bheidh ann an 17 Deireadh Fómhair 2024. Foilseofar ES-RIS 2025/1 trí bhíthin suíomh gréasáin tiomnaithe (cesni.eu). Tá rochtain (chosanta) ag Ballstáit uile an Aontais ar na dréachtchaighdeáin thuasluaite.

Leis an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2005/44/CE maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal (arna ghlacadh ag an gCoimisiún i mí Eanáir 2024), tagraítear do ES-RIS mar chaighdeán is infheidhme san Aontas maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann. Tá sé beartaithe go nglacfaidh na comhreachtóirí é i lár 2025. Dá bhrí sin, is gá ES-RIS 2025/1 a ghlacadh chun é a ionchorprú i dTreoir 2005/44/CE mar an leagan is reatha de na caighdeáin.

Glacfaidh LCLR rún lena leasófar Rialacháin LCLR chun tagairt do ES-RIS 2025/1 a áireamh.

Ós rud é go bhfuil tagairtí do ES-RIS 2025/1 in ES-TRIN 2025/1, tá sé tábhachtach go nglacfaidh CESNI an dá chaighdeán ag an gcruinniú a bheidh aige an 17 Deireadh Fómhair 2024.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Tá gá leis an gcinneadh lena leagtar síos seasamh an Aontais ós rud é go bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis na gníomhartha atá le glacadh chun críocha Airteagal 218(9) CFAE agus go háirithe i bhfianaise a dtionchar ar réimse de reachtaíocht an Aontais atá faoi réir inniúlacht eisiach an Aontais de bhun Airteagal 3(2) CFAE.

Rinneadh dianullmhúchán ar leibhéal shaineolaithe CESNI maidir le nuashonruithe chaighdeáin theicniúla ES-TRIN agus ES-RIS. Chuathas i gcomhairle le réimse leathan saineolaithe ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach i ndáil leis sin. Reáchtáladh na cruinnithe teicniúla fad a bhí an caighdeán á fhorbairt ar leibhéal CESNI.

Trí na cruinnithe sin bhíothas in ann teacht ar chomhaontú ar leibhéal na saineolaithe maidir leis na ceanglais i réimse na loingseoireachta intíre.

Is é an seasamh atá beartaithe ag an Aontas ES-TRIN 2025/1 agus ES-RIS 2025/1 a ghlacadh toisc go n-áirithítear leo an leibhéal sábháilteachta is airde i réimse na loingseoireachta intíre, go leanann siad an éabhlóid theicniúil san earnáil sin agus go n-áirithítear leo comhoiriúnacht na gceanglas le haghaidh soithí agus comhoiriúnacht na seirbhísí faisnéise tráchta abhann san Eoraip.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE bíodh an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú nó ná bíodh[5].

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[6].

4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Cé nach bhfuil na rialacha a ghlac CESNI ceangailteach *per se*, beidh siad ceangailteach ar chomhaltaí LCLR a luaithe a dhéanfaidh LCLR a chreat reachtach (Rialacháin um Chigireacht ar Shoithí ar an Réin, Rialacháin na bPóilíní maidir le loingseoireacht ar an Réin) a mhodhnú chun tagairt a dhéanamh do na caighdeáin a ghlac CESNI, modhnú lena ndéanfar na caighdeáin sin éigeantach faoi chuimsiú chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin Athbhreithnithe um Loingseoireacht na Réine. Go deimhin, leagtar síos i gCoinbhinsiún Mannheim cineál ceangailteach na Rialachán sin ar chomhaltaí LCLR.

Reáchtáiltear cruinnithe iomlánacha dhá uair sa bhliain. Is ionadaithe ar Bhallstáit LCLR a dhéanann freastal orthu. Is é an cruinniú iomlánach comhlacht cinnteoireachta LCLR. Glacann sé rúin LCLR. Tá vóta amháin ag gach Stát, agus is d'aon toil a dhéantar na cinntí. Tá na rúin sin ceangailteach ó thaobh dlí.

I gcomhréir le hAirteagail 22 agus 23 de Choinbhinsiún Mannheim, tá sé de chumhacht ag LCLR ceanglais theicniúla cheangailteacha a bhunú le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre. An Rún atá le glacadh ag LCLR lena leasófar Rialacháin LCLR chun tagairt a chuimsiú do chaighdeán ES-TRIN 2025/1, is gníomh é a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí maidir le Páirtithe LCLR dá bhrí sin.

---

5 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

6 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 61 go mír 64.

Ar an taobh eile agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Choinbhinsiún Mannheim, féadfaidh LCLR a chreat rialála a bhaineann le seirbhísí faisnéise tráchta abhann ('RIS') a mhodhnú chun na sonraíochtaí teicniúla is infheidhme maidir le RIS a ailíniú le ES-RIS 2025/1. An Rún atá le glacadh ag LCLR lena leasófar Rialacháin LCLR chun tagairt a chuimsiú do chaighdeán ES-RIS 2025/1, is gníomh é a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí maidir le Páirtithe LCLR. Mar sin féin, ní fhorlíonfar ná ní leasófar leis creat institiúideach Choinbhinsiún Mannheim.

Dá bhrí sin, beidh na gníomhartha atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 1 agus 22 de Choinbhinsiún Mannheim.

Thairis sin, i dtaca le ES-TRIN 2025/1 agus ES-RIS 2025/1, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo chun críoch Airteagal 218(9) CFAE a chur i bhfeidhm, ós rud é go bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar reachtaíocht an Aontais, mar atá: Treoir (AE) 2016/1629 agus Treoir 2005/44/CE.

A mhéid a bhaineann le caighdeán ES-TRIN, is amhlaidh atá toisc nach mór an creat is infheidhme faoi Choinbhinsiún Mannheim a chur san áireamh i gcomhthéacs Threoir (AE) 2016/1629, toisc go n-aithnítear doiciméid a eisítear faoi chreat dlíthiúil na Réine i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir (AE) 2016/1629. Thairis sin, na caighdeáin theicniúla atá glactha ag CESNI, cuimsítear iad in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2016/1629 agus is gá iad a nuashonrú trí bhíthin gníomhartha tarmligthe.

A mhéid a bhaineann le seirbhísí faisnéise tráchta abhann, le hAirteagal 5 de Threoir 2005/44 tugtar de chumhacht don Choimisiún treoirlínte teicniúla agus sonraíochtaí teicniúla a ghlacadh chun tacú le RIS agus chun idir-inoibritheacht na seirbhísí sin a áirithiú. Luaitear in Aithris 3 den Treoir gur cheart, ar chúiseanna sábháilteachta agus ar mhaithe leis an gcomhchuibhiú uile-Eorpach, d'ábhar na gceanglas coiteann agus na sonraíochtaí teicniúla sin cur leis an obair a dhéanann eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha sa réimse sin, amhail an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin (LCLR) agus Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) go háirithe. In ES-RIS 2025/1 beidh na sonraíochtaí teicniúla is gá a ghlacadh faoi chuimsiú Airteagal 5 de Threoir 2005/44/CE. Déanfar an próiseas glactha sin a ailíniú leis an bpróiseas atá ar siúl faoi láthair chun treoir a ghlacadh lena leasaítear Treoir 2005/44/CE ina dtagraítear go díreach do ES-RIS, mar an caighdeán is infheidhme. Ar mhaithe le córas loingseoireachta comhchuibhithe ar an Réin, ba cheart gurb é an cinneadh maidir le ES-RIS in LCLR caighdeán ES-RIS 2025/1 a ghlacadh freisin.

Dá bhrí sin, tá sé riachtanach an seasamh a leagan síos atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de CESNI agus LCLR maidir le caighdeáin i ndáil le ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre agus i ndáil le seirbhísí faisnéise tráchta abhann comhchuibhithe a ghlacadh.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar

aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas iompair.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 91(1) CFAE bunús substainteach dlí an chinnidh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Is é Airteagal 91(1) CFAE ba cheart a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Eorpach um ullmhú Caighdeán i réimse na Loingseoireachta Intíre agus sa Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin maidir le caighdeáin a ghlacadh i ndáil leis an loingseoireacht intíre

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún athbhreithnithe um Loingseoireacht na Réine an 17 Deireadh Fómhair 1868, arna leasú leis an athbhreithniú an 20 Deireadh Fómhair 1963, (‘an Comhaontú’) i bhfeidhm an 14 Aibreán 1967. Leis an gComhaontú coinnítear ar bun an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin (‘LCLR’) agus an córas um loingseoireacht intíre na Réine a bunaíodh in 1815. Faoi chuimsiú LCLR, bunaíodh an Coiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre (‘CESNI’) an 3 Meitheamh 2015 chun caighdeáin theicniúla a fhorbairt le haghaidh uiscebhealaí intíre i réimsí éagsúla, go háirithe maidir le soithí, teicneolaíocht faisnéise agus criú.

(2) Tagraítear i dTreoir (AE) 2016/1629[1] do na caighdeáin is déanaí de chuid CESNI maidir le ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, mar atá ES-TRIN. Tagraíonn LCLR freisin do na caighdeáin is déanaí ina Rialacháin maidir leis an Réin. De bhun Airteagail 22 agus 23 den Choinbhinsiún, féadfaidh LCLR rúin cheangailteacha a ghlacadh lena mbunófar ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre i dtaca leis an loingseoireacht intíre ar an Réin. Dá bhrí sin, beidh na caighdeáin atá le glacadh ag CESNI ceangailteach a luaithe a dhéanfar tagairt do na caighdeáin sin i rúin cheangailteacha ábhartha LCLR.

(3) Faoin gComhaontú, féadfaidh LCLR a chreat rialála a bhaineann le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (‘RIS’) a mhodhnú trí thagairt a dhéanamh do na caighdeáin arna nglacadh ag an gCoiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre (‘CESNI’) agus trí na caighdeáin sin a dhéanamh sainordaitheach faoi chuimsiú chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

(4) Ag an seisiún a bheidh ag CESNI an 17 Deireadh Fómhair 2024, tá coinne leis go nglacfaidh sé an Caighdeán Eorpach lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh soithí Loingseoireachta Intíre 2025/1 (‘ES-TRIN 2025/1’) agus an Caighdeán Eorpach maidir le Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann 2025/1 (‘ES-RIS 2025/1’). Tar éis an ghlactha sin, tá sé beartaithe ag LCLR rún a ghlacadh lena

[1] Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118).

leasaítear na Rialacháin maidir leis an Réin chun tagairt a dhéanamh do ES-TRIN 2025/1 agus ES-RIS 2025/1 ina sheisiún iomlánach an 5 Nollaig 2024. Cuirtear ES-TRIN 2025/1 agus ES-RIS 2025/1 in ionad ES-TRIN 2023/1 agus ES-RIS 2023/1 dá réir sin.

(5) Le caighdeán ES-TRIN 2025/1 leagtar síos ceanglais theicniúla aonfhoirmeacha atá riachtanach chun sábháilteacht soithí uiscebhealaí intíre a áirithiú. Áirítear ann forálacha maidir leis an longthógáil, an feistiú agus trealamh le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, forálacha speisialta maidir le haicmí sonracha soithí amhail soithí paisinéirí, conbhuanna a bhrúitear agus soithí coimeádáin, forálacha maidir le trealamh an chórais aitheantais uathoibríoch, forálacha maidir le haitheantas soithigh, samhail de na deimhnithe agus samhail den chlár, agus forálacha idirthréimhseacha chomh maith le treoracha maidir leis an gcaighdeán teicniúil a chur i bhfeidhm.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CESNI agus in LCLR a bhunú, ós rud é go mbeidh tionchar cinntitheach ag ES-TRIN 2025/1 ar ábhar dhlí an Aontais. Le hAirteagail 31 agus 32 de Threoir (AE) 2016/1629 ceanglaítear ar an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ina dtagraítear don leagan is déanaí de chaighdeán ES-TRIN agus dáta a chur i bhfeidhm a shocrú, ar choinníoll nach gcuirfear leasanna an Aontais i mbaol de bharr athruithe ar phróiseas cinnteoireachta CESNI.

(7) Le ES-RIS 2025/1, leagtar síos sonraíochtaí teicniúla aonfhoirmeacha agus caighdeáin theicniúla aonfhoirmeacha chun tacú le RIS agus chun a n-idir-inoibritheacht a áirithiú. Na sonraíochtaí teicniúla agus na caighdeáin theicniúla faoi ES-RIS 2025/1, comhfhreagraíonn siad do na sonraíochtaí teicniúla agus na caighdeáin theicniúla sin nach mór a ghlacadh de réir Threoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], go háirithe sna réimsí seo a leanas: córas taispeána cairteacha leictreonacha agus faisnéise um loingseoireacht intíre, tuairisciú leictreonach long, fógraí do scipéirí, córais rianaithe agus lorgaireachta soithí agus comhoiriúnacht an trealaimh is gá chun RIS a úsáid.

(8) I dtaca le sonraíochtaí teicniúla maidir le RIS, is sonraíochtaí iad atá bunaithe ar na prionsabail theicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2005/44/CE agus cuirtear san áireamh leo an obair a dhéanann eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha sa réimse sin.

(9) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de CESNI a leagan síos, ós rud é go bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith ag ES-RIS 2025/1 ar ábhar dhlí an Aontais, mar atá na sonraíochtaí teicniúla ceangailteacha a glacadh faoi chuimsiú Threoir 2005/44/CE.

(10) Tá coinne leis go nglacfaidh LCLR rúin lena leasófar Rialacháin LCLR chun tagairt do ES-TRIN 2025/1 agus do ES-RIS 2025/1 a áireamh, ag seisiún iomlánach a bheidh ann go luath. Beidh an leasú sin ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 1 agus 22 den Choinbhinsiún. Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in LCLR a bhunú chomh maith.

(11) Chun an leibhéal sábháilteachta is airde i réimse na loingseoireachta intíre a éascú, chun an éabhlóid theicniúil san earnáil sin a leanúint agus chun comhoiriúnacht na gceanglas le haghaidh soithí agus comhoiriúnacht na seirbhísí faisnéise tráchta abhann

[7] Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal (IO L 255, 30.9.2005, lch. 152).

san Eoraip a áirithiú, tá sé tábhachtach go mbeidh na ceanglais theicniúla le haghaidh soithí agus seirbhísí faisnéise tráchta abhann chomh comhchuibhithe agus is féidir faoi chórais dhlíthiúla éagsúla san Eoraip.. Go háirithe, Ballstáit ar comhaltaí iad de LCLR freisin, ba cheart dóibh tacú le cinntí lena ndéantar rialacha LCLR a chomhchuibhiú leis na rialacha a chuirtear i bhfeidhm san Aontas.

(12) Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag Ballstáit an Aontais ar comhaltaí iad de CESNI agus LCLR, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de CESNI maidir le ES-TRIN 2025/1 agus ES-RIS 2025/1 a ghlacadh, aontú lena nglacadh.

2. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de LCLR tacú leis na tograí uile lena ndéantar Rialacháin LCLR a ailíniú le ES-TRIN 2025/1 agus ES-RIS 2025/1.

Airteagal 2

1. Is iad Ballstáit an Aontais ar comhaltaí iad de CESNI, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(1) in iúl.

2. Is iad Ballstáit an Aontais ar comhaltaí iad de LCLR, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, a chuirfidh in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

Airteagal 3

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar na seasaimh a leagtar amach in Airteagal 1 gan cinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 4

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán